CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/18 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Eanáir 2025

lena n-aithnítear faoi Airteagal 31(2) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, arbhair Indiaigh, lus na gréine, pónaire soighe agus síl ráibe san Ungáir

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/2001 go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10), leagtar síos tairseacha maidir le laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31, rialaítear an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha iad a thuairisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.

(2) An 27 Meán Fómhair 2024 chuir an Ungáir faoi bhráid an Choimisiúin an tuarascáil chríochnaitheach ina raibh sonraí chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, arbhair Indiaigh, lus na gréine, pónaire soighe agus síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i limistéir ar a críoch a aicmítear mar leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). D'iarr an Ungáir go n-aithneofaí na sonraí sin mar shonraí cruinne i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go raibh sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, arbhair Indiaigh, lus na gréine, pónaire soighe agus síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 san Ungáir.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tuarascáil a chuir an Ungáir faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Meán Fómhair 2024, aithnítear faoi Airteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001 go bhfuil sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta, arbhair Indiaigh, lus na gréine, pónaire soighe agus síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 san Ungáir. Leagtar amach san Iarscríbhinn achoimre ar shonraí na tuarascála.

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar na sonraí sa tuarascáil, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 27 Meán Fómhair 2024, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chruinneas na sonraí agus dá bhrí sin, do bhunús an Chinnidh seo, tabharfaidh an Ungáir fógra don Choimisiún faoi na hathruithe sin láithreach. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear leis an tuarascáil fós na sonraí cruinne a bhfuil sí aitheanta ina leith.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige an 30 Eanáir 2030.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú gráin bhuí san Ungáir (kg CO_{2eq}/tona gráin bhuí a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

NUTS2	Réigiún	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síol	Triomú agus stóráil	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leas-achán	Neodrú aigéadaithe leasacháin	Lotnaid-icíd				
HU10	Közép-Magyarország	45,2	2,4	45,7	9,7	3,4	54,8	1,0	18,6	180,7
HU21	Közép-Dunántúl	49,7	2,3	54,5	11,9	3,1	49,1	1,0	29,2	200,9
HU22	Nyugat-Dunántúl	74,0	13,9	52,3	11,2	3,1	45,6	0,9	40,1	241,0
HU23	Dél-Dunántúl	61,9	5,7	64,1	13,5	3,9	45,1	0,9	38,4	233,5
HU31	Észak-Magyarország	41,5	3,5	34,7	7,1	4,9	57,4	0,7	7,0	156,8
HU32	Észak-Alföld	43,9	1,8	44,0	9,6	2,6	45,7	0,9	30,6	179,1
HU33	Dél-Alföld	44,1	1,9	45,5	9,7	3,2	49,5	1,0	15,7	170,6

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú síl ráibe geimhridh san Ungáir (kg CO_{2eq}/tona síl ráibe geimhridh a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

NUTS2	Réigiún	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síol	Triomú agus stóráil	Iomlán
		Díreach	Indírea-ch	Leas-achán	Neodrú aigéadaithe leasacháin	Lotnaid-icíd				
HU10	Közép-Magyarország	129,2	8,4	187,3	38,5	14,2	132,4	0,9	0,2	511,1
HU21	Közép-Dunántúl	118,9	6,4	178,2	36,2	13,1	119,5	0,8	0,2	473,3
HU22	Nyugat-Dunántúl	180,2	32,2	152,7	31,5	13,5	95,2	0,7	0,2	506,1
HU23	Dél-Dunántúl	128,6	12,7	158,9	32,6	13,8	108,2	0,7	0,2	455,6
HU31	Észak-Magyarország	128,6	12,6	155,9	32,6	13,4	130,8	0,7	0,2	474,9
HU32	Észak-Alföld	98,3	5,0	135,5	28,3	7,6	141,0	0,7	0,2	416,7
HU33	Dél-Alföld	99,1	5,1	141,4	28,6	11,7	110,6	0,7	0,2	397,3

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú shíol lus na gréine san Ungáir (kg CO_2eq/tona shíol lus na gréine a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

NUTS2	Réigiún	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síol	Triomú agus stóráil	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú aigéadaithe leasacháin	Lotnaidicíd				
HU10	Közép-Magyarország	65,8	3,7	73,9	15,1	8,8	121,7	1,2	9,1	299,3
HU21	Közép-Dunántúl	80,5	4,2	101,0	21,4	11,0	118,5	1,2	8,0	345,9
HU22	Nyugat-Dunántúl	134,4	24,8	108,3	22,3	11,7	98,3	1,2	9,2	410,2
HU23	Dél-Dunántúl	99,8	9,6	115,5	23,5	14,3	119,7	1,3	15,2	398,8
HU31	Észak-Magyarország	73,8	6,9	76,1	15,4	11,4	144,4	1,2	4,1	333,3
HU32	Észak-Alföld	65,1	3,0	72,3	15,5	7,6	119,9	1,2	7,4	292,0
HU33	Dél-Alföld	72,3	3,4	86,4	18,3	7,7	114,1	1,3	5,7	309,2

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú cruithneachta geimhridh san Ungáir (kg CO_{2eq}/tona cruithneachta geimhridh a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

NUTS2	Réigiún	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síol	Triomú agus stóráil	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú aigéadaithe leasacháin	Lotnaidicíd				
HU10	Közép-Magyarország	70,4	4,2	88,8	18,7	3,2	70,7	12,1	0,2	268,4
HU21	Közép-Dunántúl	70,3	3,5	94,0	19,5	4,8	67,1	11,1	0,2	270,6
HU22	Nyugat-Dunántúl	106,3	19,2	83,8	17,5	4,8	57,2	8,8	0,2	297,6
HU23	Dél-Dunántúl	70,1	6,6	75,8	15,8	5,4	58,3	9,7	0,2	241,9
HU31	Észak-Magyarország	67,6	6,3	71,5	15,0	4,6	72,5	9,1	0,2	246,8
HU32	Észak-Alföld	55,1	2,5	64,4	13,6	2,7	66,6	11,0	0,2	216,1
HU33	Dél-Alföld	62,6	3,0	78,0	16,6	2,9	62,5	10,0	0,2	235,7

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú pónairí soighe san Ungáir (kg CO_{2eq}/tona pónairí soighe a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

NUTS2	Réigiún	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid breosla	Síol	Triomú agus stóráil	Iomlán
		Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú aigéadaithe leasacháin	Lotnaidicíd				
HU10	Közép-Magyarország	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh
HU21	Közép-Dunántúl	98,5	3,7	104,4	20,7	11,0	161,1	0,0	0,2	399,6
HU22	Nyugat-Dunántúl	128,2	23,6	84,8	16,4	10,3	127,7	0,0	0,2	391,2
HU23	Dél-Dunántúl	103,4	8,7	91,6	18,2	16,0	130,6	0,0	0,2	368,8
HU31	Észak-Magyarország	82,8	6,5	69,5	11,8	19,0	169,1	0,0	0,2	358,8
HU32	Észak-Alföld	74,2	2,0	50,7	11,3	12,2	95,8	0,0	0,2	246,4
HU33	Dél-Alföld	86,6	3,0	87,2	16,1	9,3	139,9	0,0	0,2	342,3